Fliú na n-éan ag bagairt

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin mbagairt atá ann in Éirinn ó fhliú na n-éan. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cén t-eolas atá agat faoi fhliú na n-éan? Cad as a dtagann sé agus conas a scaipeann sé? An bhfuil baol ann do dhaoine ón bhfliú seo? Cad is féidir a dhéanamh chun é a stopadh?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1. Minister for Agriculture _____
2. ban _____
3. poultry farmers _____
4. security arrangements _____
5. a big cause for worry _____
6. restrictions were imposed _____
7. as far as we know _____
8. migratory bird _____
9. disease _____
10. deadly virus _____
11. consumer _____
12. dealing directly with birds _____
13. the measures _____
14. on the alert _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cad a rinne an tAire Talamhaíochta, Mary Coughlan, inniu chun an tír a chosaint ó fhliú na n-éan?

2. Cén chomhairle atá tugtha ag an Roinn Talamhaíochta do fheirmeoirí éanlaithe clóis?

3. Cad a tharla do na turcaithe a fuair an víreas ar an bhfeirm sa Bhreatain?

4. Cé mhéad ionad cothaithe éanlaithe atá in Éirinn, dar leis an innealtóir bia, Barra Ó Conchúir?

5. Dar le Barra Ó Conchúir, an féidir an víreas a fháil trí fheoil a ithe?

6. Conas a fuair daoine san Áis agus sa tSín an víreas?

Ceist 4 ‘Beidh cosc as seo amach ar éanlaithe as an mBreatain a thabhairt isteach sa tír seo ar fhaitíos go dtabharfaí *fliú na n-éan* anseo.’
‘Tá scamall mór os cionn *tionscal na n-éanlaithe* clóis sa Bhreatain.’

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló iodálach thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois críochnaigí na habairtí a leanas ag baint úsáide as na focail idir lúibíní.

1. Beidh slí bheatha _____ éanlaithe clóis i mbaol má thagann fliú na n-éan go dtí an tír seo. (na feirmeoirí)

2. Bhí foirgneamh nua á lorg ag an nGaelscoil ar feadh _____ ach fuair siad ar deireadh é. (na blianta)

3. Caithfidh polaiteoirí a chinntiú go dtuigeann siad toil _____ má theastaíonn uathu vótaí a fháil. (na daoine)

4. Tá méadú mór tagtha ar líon _____ ar bhóithre na hÉireann le blianta beaga anuas. (na carranna)

5. Tá caighdeán _____ a thaispeántar ar TG4 ag brath go mór ar an maoiniú a fhaigheann siad ón stát. (na cláracha)

Ceist 5 ‘An t-aon bhaol atá ann, *go bhfios dúinn*, ná má thagann éan fánach isteach leis an aicíd seo air.’

Tá nathanna úsáideacha, cosúil leis an gceann thuas, sa bhosca thíos. An féidir leat féin agus an duine in aice leat iad a chur sna habairtí cearta? (Bígí cúramach – tá dhá nath sa bhreis ann!)

roimh ré	ar an drochuair	ní nach ionadh	le déanaí
faoi dheireadh	ar feadh i bhfad	mar sin féin	

1. Bhí go leor stoirmeacha gaoithe in Éirinn _____ agus deirtear gurb é an téamh domhanda is cúis leo.

2. _____ go mbíonn déagóirí ag ól ar na sráideanna mar níl mórán áiseanna ar fáil dóibh.

3. Bhí an scrúdú an-deacair ach bhí a lán staidéir déanta ag Máire _____ agus d’éirigh go maith léi.

4. D’fhág Seán an teach an-luath ar maidin ach _____ bhí an trácht go dona agus níor shroich sé an scoil in am.

5. Tá go leor Éireannach a bhí ina gcónaí i Sasana agus Meiriceá _____ tagtha abhaile anois.

Ceist 6 An dóigh leat go bhfuil sé sábháilte turcaí agus sicín a ithe faoi láthair? Cén fáth? An bhfuil aon bhaol don duine ó chineálacha bia agus deoch eile? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

1. an tAire Talamhaíochta
2. cosc
3. feirmeoirí éanlaithe clóis
4. socruithe slándála
5. cúis mhór buartha
6. cuireadh srianta i bhfeidhm
7. go bhfios dúinn
8. éan fánach
9. aicíd/galar
10. víreas marfach
11. tomhaltóir
12. ag plé go díreach le héanlaithe
13. na beartais
14. san airdeall

Ceist 3

1. D'fhógair an tAire Talamhaíochta Mary Coughlan inniu go mbeadh cosc as seo amach ar éanlaithe as an mBreatain a thabhairt isteach sa tír seo lena dtaispeáint ar fhaitíos go dtabharfaí fliú na n-éan anseo.

2. Tá comhairle eisithe arís ag an Roinn chuig feirmeoirí éanlaithe clóis ag iarraidh orthu a gcuid socruithe slándála a threisiú.

3. Rinneadh 160 míle turcaí a phlúcadh le gás agus a loisceadh.

4. 8,000.

5. Deir Barra Ó Conchúir nach bhfuil aon bhaol ann don tomhaltóir má dhéantar an sicín nó an t-éan a chócaráil ag teas níos airde ná 70 céim ceinteagrádach.

6. Na daoine a fuair an víreas san Áis agus sa tSín, bhíodar ag plé go díreach le héanlaithe go raibh an aicíd orthu.

Ceist 4

An tuiseal ginideach iolra atá i gceist anseo. (Tréaniolraí amháin a úsáidtear sa chleachtadh.)

1. slí bheatha na bhfeirmeoirí
2. ar feadh na mblianta
3. toil na ndaoine
4. líon na gcarranna
5. caighdeán na gcláracha

Ceist 5

1. le déanaí
2. ní nach ionadh
3. roimh ré
4. ar an drochuair
5. ar feadh i bhfad

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

D'fhógair an tAire Talamhaíochta Mary Coughlan inniu go mbeadh cosc as seo amach ar éanlaithe as an mBreatain a thabhairt isteach sa tír seo lena dtaispeáint ar fhaitíos go dtabharfaí fliú na n-éan anseo. Tá comhairle eisithe arís ag an Roinn chuig feirmeoirí éanlaithe clóis ag iarraidh orthu a gcuid socruithe slándála a threisiú. Tá tuairisc ag Grett O'Connor.

Grett O'Connor

Is cúis mhór buartha iad radharcanna mar seo do fheirmeoirí éanlaithe clóis na hÉireann. 160 míle turcaí plúchta le gás agus loiscthe, agus scamall mór os cionn tionscal na n-éanlaithe clóis anseo dá bharr.

Barra Ó Conchúir

Ó tháinig an rud seo sa treis i 2005, chuir an Roinn Talamhaíochta srianta i bhfeidhm sna mílte, 8,000 is dóigh liom, ionad cothaithe éanlaithe sa tír. Cuireadh srianta i bhfeidhm chun cosc ar theacht isteach an ghalair seo agus cosc… dá dtiocfadh sé isteach…cosc ar é a leathnú. *So* an t-aon bhaol atá ann, go bhfios dúinn faoi láthair, ná má thagann éan fánach isteach leis an aicíd seo air.

Grett O'Connor

Ach an bhféadfaimís an víreas marfach a fháil trí fheoil a ithe?

Barra Ó Conchúir

Dar leis an WHO, an tÚdarás[1] Sláinte Domhanda, má dhéantar an sicín nó an t-éan[2] a chócaráil níos mó ná 70 céim ceinteagrádach mar a dhéanaimíd de ghnáth *anyway*, níl aon bhaol[3] don tomhaltóir. B'fhéidir go mbeadh baol ann nó…abair, na daoine a fuair an víreas seo, abair, san Áis agus sa tSín ach go háirithe, bhíodar ag plé go díreach le héanlaithe agus….éanlaithe go raibh an aicíd seo orthu.

Grett O'Connor

Inniu bhí cruinniú ag an Aire Talamhaíochta Mary Coughlan le Coiste Saineolaithe Fliú na nÉan. Bhíodar chun na beartais atá i bhfeidhm chun an tír seo a chosaint a athbhreithniú. Cé go ndeireann an tAire go bhfuil sí sásta go bhfuil gach aon iarracht á dhéanamh chun an víreas a choimeád amach, is léir go bhfuil sí go mór san airdeall ar an gceist seo ar fad.

Grett O'Connor, Nuacht TG4, Corcaigh

[1] *an Údarás* a deirtear sa mhír
[2] *an éan* a deirtear sa mhír
[3] *aon baol* a deirtear sa mhír